Ganntanas Feamainne

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ghanntanas feamainne. Féach ar an tuairisc den chéad uair agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail seo inti.

1. seaweed processing factory _____
2. a lack of seaweed _____
3. a temporary arrangement _____
4. back in the 80s _____
5. spokesperson _____
6. on behalf of _____
7. enough _____
8. spring tide _____
9. the way the beaches are _____
10. seaweed collectors _____

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair. An raibh aon ní nár thuig tú? Iarr ar an rang iomlán cabhrú leat tar éis na míre.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

1. Cá bhfuil Arramara suite agus cé mhéad duine a oibríonn ann?
2. Cén fáth nach bhfuil na hoibrithe sa mhonarcha ag obair ach trí lá sa tseachtain?
3. Cad a deir Arramara Teoranta faoin scéal?
4. Cad a bhí le rá ag Seosamh Ó Cuaig agus ag Risteard Mac Donnchadha?

Ceist 4 '…seisear…'

Na huimhreacha pearsanta a thugtar ar na huimhreacha a úsáidtear chun daoine a chomhaireamh.

Breac síos anois iad, 1 – 10:

_____

Líon na bearnaí sa bhosca leis an bhfoirm cheart de gach ainmfhocal, chun na rialacha a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta a chur in iúl. Tá sampla amháin déanta.

	_____ amháin	**beirt**	**triúr-deichniúr**
ceoltóir	*ceoltóir amháin*	*beirt cheoltóirí*	*triúr ceoltóirí*
fear			
ailtire			
deirfiúr			
tiománaí			
saighdiúir			

Ceist 5 isteach vs amach

Aimsigh na focail a bhfuil malairt bhrí acu leis na cinn thíos agus cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú:

suas	_____
thíos	_____
siar	_____
thiar	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Liostaigh na húsáidí ar fad, go bhfios duit, atá ag feamainn.
2. An bhfuil baint ag athrú aeráide leis an easpa feamainne, dar leat? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. seaweed processing factory	*monarcha phróiseála feamainne*
2. a lack of seaweed	*easpa feamainne*
3. a temporary arrangement	*socrú sealadach*
4. back in the 80s	*siar sna hochtóidí*
5. spokesperson	*urlabhraí*
6. on behalf of	*thar ceann*
7. enough	*dóthain*
8. spring tide	*rabharta*
9. the way the beaches are	*an chaoi a bhfuil na tránna*
10. seaweed collectors	*lucht bainte feamainne*

Ceist 2
Iarr ar na foghlaimeoirí féachaint ar an mír den chéad uair agus bíodh plé oscailte agat leis an rang ar fad faoi na nithe nár thuig siad sa tuairisc. Téigh siar ar na deacrachtaí a bhí acu agus cuir an mhír ar siúl arís.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
_____ amháin
beirt
triúr
ceathrar
cúigear
seisear
seachtar
ochtar
naonúr
deichniúr

	_____ amháin	**beirt**	**triúr-deichniúr**
ceoltóir	*ceoltóir amháin*	*beirt cheoltóirí*	*triúr ceoltóirí*
fear	fear amháin	beirt fhear	ceathrar fear
ailtire	ailtire amháin	beirt ailtirí	cúigear ailtirí
deirfiúr	deirfiúr amháin	beirt deirfiúracha	triúr deirfiúracha
tiománaí	tiománaí amháin	beirt tiománaithe	ochtar tiománaithe
saighdiúir	saighdiúir amháin	beirt saighdiúirí	naonúr saighdiúirí

Ceist 5

suas	*síos*
thíos	*thuas*
siar	*soir*
thiar	*thoir*

Ceist 6
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Máire T. Ní Mhadaoin
Níl oibrithe sa monarcha[1] phróiseála feamainne Arramara Teoranta i gCill Chiaráin i gConamara ag obair ach trí lá an tseachtain seo. Easpa feamainne is cúis leis an socrú sealadach seo, a deir an comhlacht. Níor tharla a leithéid sa monarcha cheana le breis is deich mbliana fichead.

Irene Ní Nualláin
Bunaíodh an comhlacht próiseála feamainne Arramara i gCill Chiaráin i 1947. Dhíol Údarás na Gaeltachta an comhlacht le *Acadian Seaplants* as Ceanada dhá bhliain ó shin. Seisear déag[2] atá ag obair sa mhonarcha phróiseála feamainne anseo in Arramara. Ceithre lá oibre a rinne siad an tseachtain seo caite agus tá siad leagtha amach ar thrí lá oibre an tseachtain seo. Siar sna hochtóidí a tharla a leithéid de shocrú oibre cheana. Socrú sealadach atá i gceist leis an ngearradh siar seo, a deir urlabhraí thar ceann Arramara Teoranta, de bharr gan dóthain feamainne a bheith ar fáil ó lucht a bainte. Ach tá imní ar na hoibrithe próiseála feamainne sa gcomhlacht[3] go mbeidh an leagan amach oibre seo ag tarlú níos minice anois.

Seosamh Ó Cuaig
Ní chuirfeadh sé an oiread sin imní orm. Sílim gur socrú sealadach amach is amach atá ann. Tá ganntanas feamainne orthu faoi láthair. Tá baint ag an aimsir leis sin, an t-am den bhliain agus an chaoi a bhfuil na trannaí[4]. Ach, de réir mar a thuigim, tá rabharta anois ann ó Déardaoin seo caite agus ciallaíonn sé sin go mbeidh feamainn ag teacht isteach arís. Agus bheadh súil agam go mbeadh siad ar ais ar an gcúrsa ceart an tseachtain seo chugainn, fiú amháin.

Risteard Mac Donnchadha
Is fostóir iontach é Arramara agus tarlaíonn an rud seo – feiceann tú féin an aimsir a bhí againn anois ó roimh an Nollaig seo caite go dtí anois…Bhí fadhb acu, ag an dream a bhíonn ag baint feamainne! Is cúrsaí aimsire is mó atá ag plé leis seo faoi láthair.

Irene Ní Nualláin
Má dhéanann lucht bainte feamainne dóthain feamainne a sholáthar don chomhlacht an tseachtain seo chugainn, dúirt urlabhraí thar ceann Arramara go mbeadh na hoibrithe ag filleadh ar sheachtain iomlán oibre arís.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

[1] Córas Chonnacht
[2] *sé dhuine dhéag* an leagan caighdeánach
[3] Córas Chonnacht
[4] *tránna* an t-iolra caighdeánach